CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

## cosaint dhlí an Aontais a chinntiú



curia.europa.eu

# Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

## cosaint dhlí an Aontais a chinntiú

# Clár na nÁbhar


Fáilte! ........ 6

Cúirt i gcroílár na hEorpa ........ 7

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ........ 8

An Chúirt agus na Saoránaigh ........ 11

An Chúirt Bhreithiúnais ........ 14

An Chúirt Ghinearálta ........ 16

Imeachtaí dlí ........ 20

- Clárlanna ........ 21
- An éisteacht phoiblí ........ 23
- Tuairimí an Abhcóide Ghinearálta ........ 24
- Na Pléití ........ 27
- Tabhairt an Bhreithiúnais ........ 28

Seirbhísí na hinstitiúide ........ 30

- An réim theanga – aistriúchán dlíthiúil ........ 33
- An réim theanga – ateangaireacht ........ 36
- An leabharlann, ionad saineolais faisnéise ........ 38
- An fhoireann ........ 41

Caidreamh Poiblí ........ 43

An Chúirt agus an Comhshaol ........ 44
Stair fhoirgnimh na Cúirte ........ 48
An Chúirt i bhfigiúirí ........ 50
Fan ar an eolas! ........ 52
Léarscáil rochtana ........ 53

# Fáilte!

Добре дошли

Bienvenidos

Vítejte

Velkommen

Willkommen

Tere tulemast

Καλώς ήρθατε

Welcome

Bienvenue

Dobro došli

Fáilte

Benvenuti

Laipni lūdzam

Sveiki atvykę

Üdvözöljük

Merħba

Welkom

Witamy

Bem-vindos

Bine ați venit


Vitajte

Dobrodošli

Tervetuloa

Välkommen

# Cúirt i gcroílár na hEorpa



# Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Áirithíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, údarás breithiúnach an Aontais, comhlíonadh dhlí an Aontais ina léirmhíniú agus ina chur i bhfeidhm.

Mar chuid dá misean, cinntíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

- go ndéantar faireachán ar dhlíthiúlacht ghníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh;
- go gcomhlíonann na Ballstáit na hoibleagáidí a eascraíonn as na Conarthaí;
- léiriú ar dhlí an Aontais arna iarraidh sin ó chúirteanna náisiúnta.

Dhá dhlínse atá inti: an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta. Feidhmíonn comhaltaí an dá dhlínse go hiomlán neamhchlaonta agus neamhspleách.

Institiúid amháin

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Dhá chúirt

An Chúirt Bhreithiúnais

An Chúirt Ghinearálta









# An Chúirt agus na Saoránaigh

Eascraíonn go leor rialacha náisiúnta dlí ó dhlí an Aontais agus bíonn tionchar acu ar réimsí de shaol laethúil na saoránach, lena n áirítear fostaíocht, an comhshaol, cosaint tomhaltóirí agus go leor eile.

**47 267**

mbreithiúnas agus ordú (ó 1952) ón dá chúirt.

Saorghluaiseacht earraí

Saoirse chun seirbhísí a sholáthar

**Dlí an Aontais**

Comhshaol

Cosaint saothair

Cosaint tomhaltóirí





# An Chúirt Bhreithiúnais

**Ceaptar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta trí chomhaontú a dhéanann rialtais na mBallstát ar feadh téarma 6 bliana, agus é in athnuaite. Ceapann na Breithiúna Uachtarán amháin agus Leas-Uachtarán amháin as a líon féin ar feadh téarma 3 bliana, agus é in athnuaite.**

Áirithíonn an Chúirt Bhreithiúnais go ndéantar dlí an Aontais a léiriú agus a chur i bhfeidhm i gceart agus go haonfhoirmeach ar fud an Aontais.

Féadfaidh cúirteanna náisiúnta iarrataí ar réamhrialú a chur faoina bráid agus soiléiriú a iarraidh ar bhrí reachtaíocht an Aontais nó ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta sin.

Féadfaidh sí freisin éisteacht le hachomhairc dhíreacha ag iarraidh go ndéanfaí gníomh de chuid an Aontais a chur ar neamhní nó dearbhú nach bhfuil dlí an Aontais á chomhlíonadh ag Ballstát. Ina dhiaidh sin, mura ndéanfaidh an Ballstát an staid a cheartú, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais pionós airgeadais a ghearradh air.

Féadfar achomhairc a thaisceadh i gcoinne chinntí na Cúirte Ginearálta, a bhfuil sé de chumhacht ag an gCúirt iad a chur ar neamhní.

27
mBreitheamh
(1 in aghaidh an Bhallstáit)

11
Abhcóide Ginearálta

1
Chláraitheoir
(ceaptha ag na Comhaltaí)





# An Chúirt Ghinearálta

**Ceaptar na Breithiúna trí chomhaontú a dhéanann rialtais na mBallstát ar feadh téarma 6 bliana, agus ainmníonn siad trí chomhaontú Uachtarán amháin agus Leas-Uachtarán amháin a thoghtar ar feadh téarma 3 bliana. Toghann siad freisin na comhaltaí a n iarrtar orthu dualgais Abhcóide Ginearálta a chomhlíonadh agus iad ag déileáil le hiarrataí ar réamhrialú.**

Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, i leith caingne arna dtabhairt ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha agus ag na Ballstáit, go háirithe sna réimsí seo a leanas: maoin intleachtúil, beartas eacnamaíoch agus airgeadais, iomaíocht, bearta sriantacha, rochtain ar dhoiciméid, talmhaíocht, soláthar poiblí agus sláinte.

Tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú arna n-aistriú ag an gCúirt Bhreithiúnais a éisteacht agus a chinneadh, maidir leis na hábhair shonracha seo a leanas: CBL, dleachtanna máil, Cód Custaim, rangú taraife earraí, cúiteamh agus cúnamh d’aerphaisinéirí agus córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Féadfar achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais laistigh de dhá mhí ar phointí dlí in aghaidh chinntí na Cúirte Ginearálta.




54

Bhreitheamh (2 in aghaidh an Bhallstáit)

1

Chláraitheoir (ceaptha ag na comhaltaí)








# Imeachtaí dlí






# Clárlanna

Is ionann na cláraitheoirí agus an 'tairseach' chuig a gcúirteanna faoi seach agus is iad teagmhálaithe na bpáirtithe le linn na n-imeachtaí cúirte.

Cabhraíonn siad leis na breithiúna i stiúradh na n-imeachtaí agus tá siad freagrach as comhaid na gcásanna ar feitheamh agus an clár ina ndéantar gach doiciméad nós imeachta a thaifeadadh.

Téann na clárlanna agus na páirtithe i dteagmháil lena chéile trí fheidhmchlár ríomhaireachta 'e Curia', lena gceadaítear doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheoladh go sábháilte go leictreonach agus a ráthaíonn seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil do dhlíthithe agus do chúirteanna an Aontais.





# An éisteacht phoiblí

Áitítear an cás in éisteacht phoiblí, os comhair na mBreithiúna agus an Abhcóide Ghinearálta a fhéadfaidh ceisteanna a chur ar na páirtithe.

Tionóltar éisteachtaí poiblí i dteanga ainmnithe an cháis agus i dteangacha na mBallstát is idiragraithe. Cuirtear ateangaireacht chomhuaineach isteach sna teangacha oifigiúla éagsúla ar fáil de réir riachtanais bhreithiúna na foirmíochta agus, nuair is cuí, aon chuairteoirí a bheidh i láthair.

De ghnáth bíonn éisteachtaí ar siúl ó Mháirt go Déardaoin, agus tosaíonn siad ar 9:30 am. Athraíonn a bhfad ag brath ar shonraí na gcásanna.


Féadfaidh cuairteoirí freastal ar éiseachtaí poiblí.

# Tuairimí an Abhcóide Ghinearálta

Freastalaíonn an tAbhcóide Ginearálta ar an éisteacht agus, cúpla seachtain ina dhiaidh sin, cuireann sé a thuairim i láthair ina molann sé don Chúirt, faoi neamhspleáchas iomlán, an réiteach a mheasann sé ba cheart a thabhairt ar an díospóid. Níl aon cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais an tuairim sin a leanúint.

Mura n ardaíonn an cás aon cheist dlí nua, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a chinneadh go dtabharfar breithiúnas gan tuairim.

Ní ghlacann an tAbhcóide Ginearálta páirt sa phlé.







# Na Pléití



Déanann na breithiúna an cinneadh agus glacann siad na cinntí. Sa phlé, suíonn siad gan ateangairí nó comhghleacaithe eile.

Bíonn cruinniú ginearálta seachtainiúil na Cúirte Breithiúnais (ina bhfuil na breithiúna, na habhcóidí ginearálta agus an cláraitheoir) sa mhórsheomra comhdhála freisin. Sannann an cruinniú ginearálta gach cás d'fhoirmíocht cúirte agus déantar cinneadh i leith aon bhearta imscrúdaithe.

# Tabhairt an Bhreithiúnais

Tugann duine amháin de na breithiúna an breithiúnas in éisteacht phoiblí.

Aistrítear breithiúnais agus tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta ón mbuntéacs go teanga an cháis le haghaidh na bpáirtithe agus go dtí gach teanga eile lena bhfoilsiú. Tá siad ar fáil i ngach teanga oifigiúil ar an suíomh gréasáin curia.europa.eu an lá a thugtar nó a léitear amach iad agus, i bhformhór na gcásanna, foilsítear iad ina dhiaidh sin i dTuairiscí na Cúirte Breithiúnais. Foilsíodh breis agus 62,000 doiciméad, gach leagan teanga san áireamh, sna Tuairiscí in 2024.

Foilsíodh
62,000
doiciméad
sna Tuairiscí in 2024






# Seirbhísí na hinstitiúide


## Taighde agus doiciméadú

Soláthraíonn an Stiúrthóireacht um Thaighde agus Doiciméadú, atá comhdhéanta de dhlíodóirí ar fud an Aontais Eorpaigh, faisnéis don dá dhlínse ar dhlíthe náisiúnta na mBallstát.

Déanann sé taighde agus anailís dlí chun cabhrú leis an dá chúirt ag gníomhú ina gcáil bhreithiúnach.

Cuidíonn sé freisin le scaipeadh cásdlí agus dhlí an Aontais trí uirlisí taighde atá ar fáil ar an suíomh gréasáin curia.europa.eu.






24
aonad teanga

3
aonad tacaíochta

1,371,000
leathanach aistrithe in 2024

552
phéire teangacha de dhíth chun obair na gcúirteanna a chinntiú





# An réim theanga – aistriúchán dlíthiúil

Dírítear dlí an Aontais ní hamháin ar na Ballstáit, ach freisin go díreach ar na saoránaigh, ag ráthú cearta dóibh agus ag forchur oibleagáidí orthu. Ar an ábhar sin, is luach bunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh é an t-ilteangachas.

Níl a leithéid de réimeas teanga na Cúirte in aon dlínse eile ar domhan, toisc gur féidir gach cás a sheoladh in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais.

Déileálann an Chúirt le gach cás beag beann ar theanga oifigiúil an Aontais inar tugadh isteach é. Cinntítear ansin go scaiptear a chásdlí i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.

Chun aistriúchán a dhéanamh go 24 theanga oifigiúil, tá an líon céanna aonad teanga, arna dtacú ag 3 aonad a sholáthraíonn tacaíocht do na haonaid teanga, freagrach as an aistriúchán dlíthiúil.

Áirithíonn dlítheangeolaithe na n aonad go n-aistrítear doiciméid nós imeachta, tuairimí agus breithiúnais. Tá cáilíocht iomlán sa dlí ag na dlítheangeolaithe, chomh maith le sáreolas ar roinnt teangacha den Aontas, seachas a máthairtheanga.

Léiríonn aistriúchán na ndoiciméad sin go teangacha oifigiúla an Aontais prionsabal na rochtana cothroime ar cheartas Eorpach.





# An réim theanga – ateangaireacht

Soláthraítear ateangaireacht chomhuaineach i dteangacha éagsúla, de réir mar is gá, chun cumarsáid sa chúirt a chumasú idir na páirtithe, na dlíodóirí, na breithiúna agus an tAbhcóide Ginearálta agus chun tuiscint na ngrúpaí cuairteoirí a bhíonn i láthair ag an éisteacht a chinntiú.





# An leabharlann, ionad saineolais faisnéise


Féadfaidh gníomhaíocht an dá dhlínse a bheith ag brath ar sheirbhísí bainistíochta, cur chun cinn, scaipthe agus chaomhnú na hoidhreachta doiciméadaí agus cartlainne (364,500 imleabhar, a mbaineann a bhformhór le dlí an Aontais agus níos mó ná céad bunachar sonraí).

Tá catalóg na leabharlainne ar cheann de na cinn is saibhre ar domhan ó thaobh dhlí an Aontais de faoi láthair, agus 9.6 km d'imleabhar ar na seilfeanna in 24 theanga oifigiúla an Aontais agus i roinnt teangacha tríú tíortha.


Tá rochtain ag an saoránach freisin ar dhoiciméid riaracháin agus ar chartlanna stairiúla na Cúirte.

364 500 imleabhar
(9.6km)

100 +
bunachar sonraí dlí









# An fhoireann

Tá níos mó ná 2,250 ball foirne ag an gCúirt, lena n-áirítear oifigigh, gníomhairí sealadacha agus ar conradh, agus iad uile ina náisiúnaigh de chuid na mBallstát.

Oibríonn siad in oifigí na mbreithiúna agus na n-abhcóidí ginearálta, seirbhísí teanga agus seirbhísí riaracháin. Tá próifílí oiliúna éagsúla acu, chun gairmeacha a bhaineann go sonrach leis an gCúirt a fheidhmiú (dlítheangeolaithe) nó eile (dlíodóirí, speisialtóirí TF, cúntóirí, bainisteoirí riaracháin, etc.).

Iarrtar orthu oibriú i dtimpeallacht ilchultúrtha agus ilteangach, agus labhraíonn siad go léir roinnt de na 24 theanga oifigiúla. Speisialtóirí ina réimse saineolais, oibríonn siad i seirbhís dhlí an Aontais agus na tógála Eorpaí.

27

mBallstát


24

theanga oifigiúla

2 267

gcomhghleacaí





# Caidreamh Poiblí

Tá sé mar aidhm ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh teacht níos gaire do shaoránaigh, go háirithe trí chuairteanna pearsanta agus fíorúla a eagrú. In 2024, thug níos mó ná 16,300 duine cuairt ar an gCúirt.

Is é misean na Roinne Cumarsáide an Chúirt agus a cásdlí, a théann i bhfeidhm ar shaol laethúil na saoránach, a chur chun cinn. Freagraíonn oifigigh phreasa iarratais ar fhaisnéis agus scríobhann siad preaseisiúintí, a bhfuil sé mar aidhm acu an pobal i gcoitinne agus iriseoirí a chur ar an eolas i stíl inrochtana faoi ábhair a bhfuil suim ag na meáin iontu nó a mbíonn tionchar acu ar shaol na saoránach.

Éascaítear rochtain ar ghníomhaíocht bhreithiúnach na Cúirte freisin tríd an gcóras athchraolta éisteachta, beo le haghaidh breithiúnas agus tuairimía agus cuirtear moill ar éisteachtaí pléadála.

Saothraítear freisin an cuspóir ceartas a thabhairt níos gaire do shaoránaigh trí ghníomhaíocht na Cúirte ar líonraí sóisialta éagsúla, lena n áirítear Bluesky, Instagram, LinkedIn, Mastodon, Threads, X agus YouTube.

Thug níos mó ná

16 300 +


duine cuairt ar an gCúirt in 2024

# An Chúirt agus an Comhshaol

Tá córas bainistíochta comhshaoil bunaithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh de réir rialachán EMAS (Scéim Éiceabhainistíochta agus Iniúchta) d'fhonn a tionchar ar an gcomhshaol a laghdú go struchtúrach. In 2016, fuair sí clárúchán EMAS ó Stát Lucsamburg.

Ligeann córas EMAS d'aon eagraíocht cur chuige deonach a ghlacadh atá dírithe ar a torthaí comhshaoil a fheabhsú.

Le blianta beaga anuas, tá torthaí an sásúil bainte amach ag an gCúirt ina córas athchúrsála dramhaíola agus laghdú ar thomhaltas páipéir, uisce agus fuinnimh, lena n áirítear trí úsáid a bhaint as fuinneamh gréine in athnuaite.









# Stair fhoirgnimh na Cúirte

Tá suíomh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh bunaithe i Lucsamburg ó bunaíodh an Chúirt in 1952. Ar dtús, chuir rialtas Lucsamburg trí fhoirgneamh ar fáil dí: an Villa Vauban do sheomraí na mbreithiúna agus na n-abhcóidí ginearálta, foirgneamh Hamilius don tseirbhís teanga, agus teach Hellinckx don riarachán agus don leabharlann. Idir 1959 agus 1972, aistríodh seirbhísí uile na Cúirte go foirgneamh an Côte d'Eich.

Osclaíodh an chéad Palais in 1973 ar ardchlár Kirchberg agus críochnaíodh é le síntí éagsúla idir 1988 agus 1994: foirgnimh Erasmus, Thomas More agus Thémis.

In 2008, osclaíodh an Palais nua, deartha ag an ailtire Dominique Perrault. Tá sé comhdhéanta den sean Palais athchóirithe, Anneau, dhá Thúr agus an Galerie. In 2019, osclaíodh an tríú túr, Túr Rocca. Agus é 29 urlár agus 118 méadar ar airde, is é an foirgneamh is airde in Ard-Diúcacht Lucsamburg.

Sa lá atá inniu ann, is éard atá i gcampas na Cúirte ná grúpa foirgneamh – a bhfuil rochtain ag cuairteoirí orthu den chuid is mó – le hachar dromchla 138,850 m². Tá 11 sheomra cúirte ann, atá oscailte don phobal.



$138\ 850\ m^2$


d’achar

11

sheomra cúirte

118 m (29 n-urlár)

an foirgneamh is airde in Ard-Diúcacht Lucsamburg



# An Chúirt i bhfigiúirí

Líon na gcásanna a dúnadh le breithiúnais agus orduithe:

An Chúirt Bhreithiúnais:

26,586

(ó 1952)

An Chúirt Ghinearálta:

19,132

(ó 1989)

Buiséad:

542

mhilliún euro don bhliain airgeadais 2025

Teangacha nós imeachta

24

an Bhulgáiris, an Spáinnis, an tSeicis, an Danmhairgis, an Ghearmáinis, an Eastóinis, an Ghréigis, an Béarla, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Chróitis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Ungáiris, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSlóvaicis, an tSlóivéinis, an Fhionlainnis agus an tSualainnis

Foireann:

2,267
státseirbhíseach agus gníomhaire

1,376 (61%)
bhean

891 (39%)
fhear

531,563
chuairteoir (ó 1968)


16,319
gcuairteoir in 2024

# Fan ar an eolas!

Fan ar an eolas faoi nuacht dhlíthiúil agus institiúideach na Cúirte trí chuairt a thabhairt ar an europa.eu agus trínár gcuntas éagsúil ar na meáin shóisialta a leanúint (LinkedIn, Instagram, WhatsApp agus YouTube).

Tabhair cuairt ar shuíomh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

- Clár turas grúpa
- Cuairteanna ó chian – tionscadal oideachais atá dírithe ar aois 15-18 mbliana d'aois




Chun tuilleadh a fhoghlaim faoi ghníomhaíochtaí na hInstitiúide:

Tuarascáil bhliantúil

YouTube

# Léarscáil rochtana



# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

L-2925 Lucsamburg

Teil. +352 4303-1

curia.europa.eu

Téacs arna chríochnú i mí Feabhra 2025 / Figiúirí ceart amhail an 31.12.2024

Leagan amach: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh / Stiúrthóireacht na Cumarsáide / Aonad na bhFoilseachán agus na Meán Leictreonach, 2025

Grianghraif/léiriúcháin:

Íomhá chlúdaigh: © An tAontas Eorpach

Leathanaigh 10 © shutterstock.com, Leathanaigh 15 © Gediminas Karbauskis

© An tAontas Eorpach

Toirmiscfear grianghraif nó doiciméid eile nach é an tAontas Eorpach an sealbhóir cóipchirt ina leith aon úsáid nó aon atáirgeadh gan údarú ó shealbhóirí an chóipchirt.

Ní fhéadfar Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann na hinstitiúide a bheith freagrach as an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá tugtha thuas.

Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

© An tAontas Eorpach, 2025

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print PDF | ISBN 978-92-829-5038-8 | ISSN 3094-5143 | doi: 10.2862/7034250 | QD-01-25-006-GA-C |
| Web PDF | ISBN 978-92-829-5039-5 | ISSN 3094-5151 | doi:10.2862/1896064 | QD-01-25-006-GA-N |

CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

Stiúrthóireacht na Cumarsáide
tAonad Foilseachán agus Meán Leictreonach.

Meitheamh 2025

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print PDF | ISBN 978-92-829-5038-8 | ISSN 3094-5143 | doi: 10.2862/7034250 | QD-01-25-006-GA-C |
| Web PDF | ISBN 978-92-829-5039-5 | ISSN 3094-5151 | doi:10.2862/1896064 | QD-01-25-006-GA-N |